LÁMHLEABHAR ÚSÁIDEORA

Conas sonraí a chur chuig an Stór Sonraí Gnó (BDR - *Business Data Repository*)

Treoracha do ghnóthais atá ag cur isteach sonraí maidir le hAirteagal 27 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2009 (an Rialachán maidir le SÍÓnna) agus/nó le hAirteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 842/2006 (an Rialachán maidir le Gáis-F)

Réamhrá

Is é atá sa doiciméad seo treoracha don úsáideoir maidir le sonraí faoi SÍÓnna agus sonraí faoi Gháis-F a chur isteach go leictreonach trí Reportnet, córas tuairiscithe ar líne atá á bhainistiú ag an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA) agus a ceapadh go sonrach le go mbeadh an sreabhadh sonraí níos éifeachtaí. Beidh ar chuideachtaí na tacair sonraí oifigiúla a iontráil go leictreonach ar fhoirm an BDR (*Business Data Repository*) atá in Reportnet.

Tugtar míniú sna treoirlínte seo go háirithe faoi conas an bonneagar leictreonach a úsáid le tuairiscí a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh agus na mBallstát de bhun

- Airteagal 27 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le substaintí a ídíonn an ciseal ózóin (an Rialachán maidir le SÍÓnna) agus
- Airteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 842/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le gáis cheaptha teasa fhluairínithe áirithe (an Rialachán maidir le Gáis-F)

Ní thugtar eolas sa lámhleabhar seo ach faoin bpróiseas le sonraí a sheoladh isteach. Chun eolas a fháil faoin gcaoi leis na tuairiscí a líonadh isteach, beidh ort tagairt a dhéanamh do na doiciméid chuí a d'fhoilsigh an Coimisiún. Tá naisc ar fáil sna leathanaigh chabhrach ar shuíomh gréasáin an BDR: https://bdr.eionet.europa.eu/help.

Maidir leis an BDR

Córas leictreonach tuairiscithe ar líne is ea an BDR atá á bhainistiú ag an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA). Forbraíodh an BDR go speisialta le plé le faisnéis rúnda a bhíonn ag cuideachtaí. Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcosaint rúndachta a thugann an córas, féach: https://bdr.eionet.europa.eu/help/dataconfidentiality.

Is buntáiste é an BDR a úsáid chun tuairiscí a chur isteach.

- Córas níos sláine ná ríomhphost is ea an BDR. Tugann sé cosaint níos fearr i gcoinne idircheap agus cailliúint sonraí.
- Ní gá na sonraí a thabhairt ach uair amháin mar go mbeidh teacht ag gach páirtí leasmhar ar an BDR.
- Is uirlis thrédhearcach agus inrianaithe é an BDR.
- Ní bheidh na sonraí a iontráiltear (sonraí trádála cuideachtaí ar leith atá le tuairisciú faoi na rialacháin maidir le Gáis-F agus SÍÓnna) le feiceáil ag an bpobal. Ní chuirfear na sonraí sin (ná sonraí a cuireadh isteach sna blianta roimhe sin) ar fáil ach do na húdaráis údaraithe. Tá tuilleadh eolais le fáil anseo:

https://bdr.eionet.europa.eu/help/dataconfidentiality

An próiseas iontrála

Déanfar gach clúdach sonraí a iontráil i gcóras an BDR in Reportnet.
Tá ceithre bheart ar leith le déanamh sa phróiseas iontrála sin.

➢ Beart 1: Fíordheimhniú an úsáideora

Le go bhféadfaidh tú tuairisc a dhéanamh, beidh ort ainm úsáideora agus pasfhocal a fháil, agus cead a fháil na sonraí a uaslódáil maidir le gach oibleagáid tuairiscithe ar leith.

Má chuir do chuideachta tuairisc isteach an bhliain roimhe sin (e.g. 2013), cuirfidh an EEA ríomhphost chuig na daoine teagmhála a cláraíodh do do chuideachta. Is é a bheidh sa ríomhphost sin ainm úsáideora do chuideachta, eolas breise faoin bpróiseas tuairiscithe, agus an pasfhocal chun tuairisciú a dhéanamh sa bhliain nua (e.g. 2014). Tabhair le fios go gcruthófar, ar chúiseanna slándála, pasfhocal nua gach bliain agus seolfaidh EEA an pasfhocal sin chuig do chuideachta an tráth a iarrfar ort tuairisc a chur isteach (faoi dheireadh mhí Feabhra ar a dhéanaí).

Seolfar an t-eolas chuig na cuideachtaí ar leith faoin 22 Feabhra 2012 ar a dhéanaí.

Má tá tuairisc á déanamh agat den chéad uair riamh, beidh ort clárú ar líne i dtosach: https://bdr.eionet.europa.eu/registry/self_register. Déanfar an t-iarratas ar chuntas a mheas agus cuirfear ainm úsáideora agus pasfhocal chugat ar ríomhphost.

N.B.: Más rud é:
- gur dhearmad tú an t-ainm úsáideora/pasfhocal
- gur athraigh ainm do chuideachta
- go raibh deacrachtaí agat na ceistneoirí ar líne a líonadh isteach
- go raibh fadhbanna íoslódála agat
- go bhfuil ceist eile agat faoin BDR

Déan teagmháil le deasc chabhrach an BDR: BDR.helpdesk@eea.europa.eu

➢ Beart 2: Logáil isteach sa BDR agus sonraí na cuideachta a sheiceáil

- ***Céim 1: Logáil isteach***

Is féidir teacht ar shuíomh gréasáin an BDR ag an nasc seo: https://bdr.eionet.europa.eu

Má theastaíonn uait sonraí maidir le SÍÓnna nó sonraí maidir le Gáis-F a iontráil, beidh ort d'ainm úsáideora agus do phasfhocal a úsáid le logáil isteach san fhillteán a bhaineann le do chuideachta. Má theastaíonn uait sonraí a thuairisciú faoin dá rialachán, ná dearmad go mbeidh cuntas ar leith agat maidir le gach oibleagáid. Ná déan tuairisc, mar shampla, ar shonraí a bhaineann le Gáis-F sa chuntas a bhaineann le SÍÓnna. Déanfar aon iontráil earráideach den chineál sin a scriosadh.



Nuair a chliceáiltear ar an nasc 'Logáil isteach', osclóidh an fhuinneog seo a leanas:



Tar éis an t-ainm úsáideora agus an pasfhocal a iontráil, osclóidh an scáileán seo a leanas:



- ***Céim 2: Sonraí na cuideachta a sheiceáil***

Moltar duit sonraí na cuideachta (agus na sonraí a bhaineann le daoine teagmhála) a sheiceáil sula gcuirfidh tú tús leis an bpróiseas tuairiscithe. Beidh sonraí na cuideachta san áireamh, go sonrach, sa tuairisc faoi do chuideachta.

Má chliceálann tú ar an nasc 'Athraigh sonraí na heagraíochta', osclóidh an leathanach a bhfuil sonraí do chuideachta air agus féadfaidh tú an fhaisnéis uile atá cláraithe maidir le do chuideachta a sheiceáil.



Déan cinnte de go bhfuil na sonraí sin uile ceart. Mura bhfuil, beidh tú in ann:

- seoladh na cuideachta a athrú

- uimhir EORI nó uimhir CBL na cuideachta a iontráil

- daoine teagmhála a chur leis nó a bhaint

- sonraí teagmhála na ndaoine teagmhála a athrú.

Ní bheidh tú in ann ainm na cuideachta, an tír, ainm an chuntais ná an oibleagáid a athrú ar an leathanach seo. Má theastaíonn uait ainm na cuideachta a athrú, beidh ort teagmháil a dhéanamh le Deasc chabhrach an BDR (bdr.helpdesk@eea.europa.eu).

Ní mór gach réimse a bhfuil réiltín dearg ag dul leis a líonadh isteach.

Tá uimhir EORI de dhíth ar aon oibreoir eacnamaíoch atá bunaithe san AE. Mura bhfuil uimhir EORI do chuideachta ar eolas agat, téigh i gcomhairle leis an tseirbhís lóistíochta (teacht isteach agus seoladh amach earraí) a bhíonn ag déileáil le cúrsaí custaim. **Ní foláir uimhir EORI a sholáthar má tá tú chun tuairisc a thabhairt ar ghníomhaíochtaí SÍÓ a bhaineann le hallmhairiú/onnmhairiú!**

Tá tuilleadh eolais faoin uimhir EORI le fáil ar an suíomh gréasáin seo:
http://ec.europa.eu/ecip/security_amendment/who_is_concerned/index_en.htm#eori

Déan cinnte de, le do thoil, go bhfuil gach eolas a bhaineann le do chuideachta cruinn ag an gcéim seo den phróiseas, mar nach mbeidh seans eile agat an t-eolas sin a athrú nuair a thosóidh tú ag líonadh an cheistneora!

➢ Beart 3: Fillteán do chuideachta a aimsiú agus clúdach nua a chruthú

- ***Céim 1: Fillteán do chuideachta a aimsiú***

Is féidir teacht ar fhillteán do chuideachta ach cliceáil ar ainm na cuideachta atá ar an gcéad leathanach den BDR.



- ***Céim 2: Clúdach nua a chruthú***

Anois **cruthaigh clúdach nua** ina n-iontrálfaidh tú do shonraí - ní gá ach cliceáil ar an gcnaipe 'Clúdach nua' atá sa chúinne ar dheis ar bharr an scáileáin:

- ***Céim 3: Na meiteashonraí cearta a chur leis an gclúdach nua***

Déan cinnte de gur chuir tú na meiteashonraí cearta (féach an pictiúr agus an tábla thíos) leis an gclúdach le go mbeidh tú in ann é a aithint ag céim níos déanaí.



Meiteashonraí le líonadh

Teideal an chlúdaigh	Ba chóir don teideal a bheith san fhormáid seo a leanas: ainm úsáideora_BBBB_v1 - is ionann an t-ainm úsáideora agus an t-ainm úsáideora a d'úsáid tú le logáil isteach (e.g. ODS10001 nó FGAS12345) - is ionann BBBB agus an bhliain lena mbaineann na sonraí (e.g. 2013 do na sonraí a tuairiscíodh in 2014) - is ionann v1 agus an leagan den tacar sonraí (más gá an tacar sonraí céanna a chur isteach arís ba chóir uimhir an leagain sin a mhéadú)
Cur síos ar an gclúdach:	An chéad uair na sonraí a chur isteach: 'Iontráil bhunaidh' Más athiontráil tacair sonraí atá i gceist: 'Athiontráil' + an chúis leis an iontráil a dhéanamh arís
An bhliain:	An bhliain atá clúdaithe ag an tacar sonraí (an bhliain tagartha) – e.g. 2013 do na sonraí a bheidh le tuairisciú faoin 31/03/2014
Cuimsiú	Is é an Ballstát ina bhfuil an chuideachta lonnaithe a chuirfear anseo mar réamhshocrú. Níor chóir ach sonraí as an mBallstát sin a bheith sa tuairisc.
Nóta faoi chuimsiú	Ní gá an réimse seo a líonadh maidir le tuairisc faoin rialachán maidir le SÍÓnna ná faoin rialachán maidir le Gáis-F.

- ***Céim 4: An clúdach a oscailt***

Cliceáil ar ainm an chlúdaigh a chruthaigh tú chun an clúdach a oscailt.

- ***Céim 5: An tasc a ghníomhachtú:***

Nuair a bheidh tú istigh sa chlúdach beidh ort an Dréacht-tasc a ghníomhachtú trí chliceáil ar an nasc <Gníomhachtaigh an tasc: Dréacht>, sin nó cnaipe <Gníomhachtaigh an tasc> a bhrú.



Tar éis an tasc a ghníomhachtú, *beidh an clúdach curtha in áirithe agat duit féin le go bhféadfaidh tú bheith ag obair ann (doiciméid a chruthú/a nuashonrú).*

➢ Beart 3: Sonraí a iontráil sa chlúdach

Nuair a bheidh tasc gníomhachtaithe agat, osclóidh an scáileán seo a leanas:



Ní bheidh úsáideoirí eile (sin má tá níos mó ná tuairisceoir amháin ag do chuideachta) in ann teacht ar an gclúdach sin go dtí go mbrúfaidh tú ceann de na cnaipí seo a leanas:

- *Cuir faoi bhráid CLIMA/EEA* (bogfaidh tú ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile sa phróiseas tuairiscithe - sonraí a bhailíochtú) - nó
- *Díghníomhachtaigh an tasc* tríd an gcnaipe gorm cuí ar dheis a bhrú agus sábhálfar an obair a rinne tú agus féadfaidh duine eile an tasc sin a ghlacadh ar láimh.

Le linn do dhuine bheith ag obair ar thasc, beidh comhghleacaithe an duine sin in ann amharc ar an obair sin ach amharc ar *Stádas* an chlúdaigh (rud a thaispeánfaidh sa chás seo: An tasc atá ar siúl: Dréacht (úsáideoir: tuairisceoir).

Ba chóir sonraí na cuideachta a thuairisciú ar cheistneoir ar líne atá ceaptha thú a threorú tríd an bpróiseas.

Más **tuairisceoir SÍÓnna** thú, beidh gá tuairisciú a dhéanamh maidir le haon chuideachta a tháirg, a d'allmhairigh, a d'onnmhairigh, a dhíothaigh agus/nó a d'úsáid substaintí a ídíonn ózón mar bhunábhar nó

mar oibreán próisis. Lean ar aghaidh le Céim 1 (Rogha 1) sa doiciméad seo. Tá eolas mionsonraithe faoin gceistneoir ar líne le fáil in IARSCRÍBHINN I - Substaintí a Ídíonn Ózón (SÍÓnna) a thuairisciú

Más **tuairisceoir Gás-F** thú, beidh gá tuairisciú a dhéanamh maidir le haon chuideachta a tháirg, a d'allmhairigh agus/nó a d'onnmhairigh níos mó ná tona méadrach amháin de gháis cheaptha teasa fhluairínithe, nó ullmhóidí ina bhfuil gáis cheaptha teasa fhluairínithe, le linn na bliana tagartha. Lean ar aghaidh le Céim 1 (Rogha 1) sa doiciméad seo. Tá eolas mionsonraithe faoin gceistneoir ar líne le fáil in IARSCRÍBHINN II - Gáis-F a thuairisciú

Mura bhfuil dualgas ort tuairisc a dhéanamh, beidh ort **tuairisc nialais** a chruthú agus a chur in eagar. Ansin bog ar aghaidh chuig Céim 1 (Rogha 2) sa doiciméad seo.

- ***Céim 1*** *(Rogha 1)****: Na sonraí a thuairisciú sna ceistneoirí ar líne***

Anois is féidir leat tabhairt faoi na sonraí a iontráil. Is é an chéad chéim eile ná do thuairisc a líonadh isteach sna ceistneoirí ar líne. Is féidir teacht ar na ceistneoirí sin trí chliceáil ar an nasc atá ar bharr an chlúdaigh:

Add and edit a Ozone Depleting Substances (ODS) reporting questionnaire

Add and edit a Fluorinated gases (F-Gases) reporting questionnaire

Glacann sé roinnt soicindí an ceistneoir a uaslódáil. Más é Internet Explorer atá in úsáid agat mar bhrabhsálaí gréasáin réamhshocraithe, d'fhéadfadh sé tarlú go n-iarrfaí ort 'Líon an fhoirm ghréasáin bhán' a chliceáil mura dtreoróidh an brabhsálaí thú díreach chuig an gceistneoir. Nuair a osclóidh tú an ceistneoir, feicfidh tú na scáileáin seo a leanas. Braithfidh na scáileáin sin ar cén rialachán a dteastaíonn uait tuairisc a dhéanamh ina leith:



An chéad leathanach le haghaidh an Rialacháin maidir le SÍÓnna

Tá an ceistneoir maidir le SÍÓnna beagán difriúil ón gceistneoir maidir le Gáis-F ach tá roinnt prionsabal ginearálta ann maidir leis an dá cheistneoir sin a úsáid. Tá treoir mhionsonraithe maidir le conas an dá cheistneoir sin a úsáid le fáil in Iarscríbhinn 1 (SÍÓnna) agus Iarscríbhinn 2 (Gáis-F) den lámhleabhar, atá ar fáil ag https://bdr.eionet.europa.eu/help.

Prionsabail ghinearálta maidir leis na ceistneoirí ar líne a úsáid:

- Is féidir teacht ar na foirmeacha éagsúla ón m**barra nascleanúna uachtarach** sa limistéar liath faoi theideal na foirme.

- Bíonn an **barra nascleanúna uachtarach** ag síorathrú agus braitheann líon na gcnaipí (táib) atá le feiceáil ar an scáileán ar na gníomhaíochtaí a thug tú le fios san fhoirm 'Sonraí na Cuideachta'. Beidh na cnaipí breise le feiceáil nuair a bheidh an fhoirm 'Sonraí na Cuideachta' líonta isteach agat.

- Is é atá sa **bharra nascleanúna íochtarach**, sa limistéar liath thíos faoin bhfoirm, naisc leis an gcéad fhoirm eile agus leis an bhfoirm roimhe sin.

An chéad leathanach le haghaidh an Rialacháin maidir le Gáis-F

- Is féidir na cnaipí seo a leanas ag bun an leathanaigh a úsáid:
    - **Sábháil** – sábháiltear na sonraí reatha i gclúdach an BDR i gcomhad XML
    - **Sábháil agus dún** – sábháiltear na sonraí agus osclaítear leathanach chlúdach an BDR
    - **Cealaigh** – osclaítear leathanach chlúdach an BDR gan aon rud a shábháil
    - **Réamhamharc cló** – déantar réamhamharc cló de na sonraí a thuairiscigh tú a oscailt i bhfuinneog nua
    - **Cuir an measúnú cáilíochta i bhfeidhm** – déantar seiceáil cáilíochta ar na sonraí a thuairiscigh tú agus taispeántar an toradh i bhfuinneog nua

Déanfar do shonraí a shábháil go huathoibríoch má bhogann tú ó fhoirm amháin go foirm eile. Is féidir leat stad a chur le do chuid oibre ar an bhfoirm ghréasáin aon uair is mian leat ach an cnaipe 'Sábháil agus dún' a bhrú agus beidh tú in ann leanúint den obair sin níos déanaí i gclúdach an BDR. Stóráiltear na sonraí i gcomhad XML i gclúdach an BDR (féach an íomhá thíos):



Cliceáil ar ainm an chomhaid chun amharc ar na sonraí a thuairiscigh tú nó chun iad a chló. Is féidir an nasc 'Bileog eolais HTML' ar leathanach sonraí an chomhaid a úsáid chun do shonraí a oscailt i bhformáid is féidir a chló.

Ceistneoir a athoscailt

Cliceáil ar an nasc 'Athraigh' ar bharr an chlúdaigh le leanúint leis an tuairisc i gcomhad atá sa chlúdach cheana:

Modify the Ozone Depleting Substances (ODS) reporting questionnaire

- ***Céim 1 (Rogha 2): Tuairisc nialais a chur sa chlúdach***

Úsáid an nasc seo a leanas le tuairisc nialais a oscailt:

Add and edit a NIL reporting questionnaire

Nuair a osclóidh an ceistneoir, feicfidh tú an scáileán seo a leanas:



Is féidir leat 'Dearbhaigh' a bhrú leis an eolas faoin gcuideachta a dhearbhú nó 'Athraigh' a bhrú le haon mhionsonraí a athrú má fheiceann tú go bhfuil botún san eolas sin. Má bhrúnn tú 'Athraigh', fágfaidh tú an ceistneoir ar líne agus fillfidh tú ar an BDR (athraigh sonraí na heagraíochta). Osclóidh fuinneog teachtaireachta ina dtabharfar rabhadh duit go bhfuil tú chun an leathanach gréasáin seo a fhágáil. Tar éis duit na hathruithe cuí a dhéanamh ar an leathanach 'Athraigh sonraí na heagraíochta', fillfidh tú ar an gceistneoir arís agus beidh ort sonraí nua do chuideachta a dhearbhú.

Déan cinnte de, le do thoil, go bhfuil gach eolas a bhaineann le do chuideachta cruinn ag an gcéim seo den phróiseas.

Nuair a bheidh na sonraí dearbhaithe agat, beidh ort bliain an idirbhirt a iontráil agus an ticbhosca cuí a roghnú le dearbhú a thabhairt nach bhfuil oibleagáid ar do chuideachta tuairisc a chur isteach. Is féidir míniú breise a thabhairt más mian leat. Níl an chéim seo éigeantach.

Beidh ort a dheimhniú go bhfuil sé ceart, agus stórálfar an tuairisc i gclúdach an BDR. Cuir críoch leis an tuairisc i gclúdach an BDR tríd an gcnaipe 'Cuir faoi bhráid CLIMA/EEA' a chliceáil.

Bog ar aghaidh chuig *Céim 3*: *Críoch a chur le hiontráil na sonraí*

➢ *Céim 2: Cáilíocht na sonraí a tuairiscíodh a sheiceáil*

Fágann córas an BDR gur féidir leat cáilíocht na sonraí a tuairiscíodh a sheiceáil ach cliceáil ar an gcnaipe Run QA #1 sa chlúdach taobh le hainm an chomhaid. Níl aon bhaint ag an bhfeidhm 'Cuir an measúnú cáilíochta i bhfeidhm' le tuairiscí nialais. Is féidir leis an uathsheiceáil cáilíochta dhá chineál earráidí a aimsiú:

- **Earráidí blocála** - míréireachtaí tábhachtacha agus/nó earráidí sna sonraí a tuairiscíodh nach mór a cheartú. Beidh ort na hearráidí a d'aimsigh an córas seiceála a cheartú, sin le rá an ceistneoir a athrú sula gcuirfidh tú críoch leis an tuairisc.

- **Earráidí féideartha** - saincheisteanna a mbeidh gá a sheiceáil le do chuideachta ag céim níos déanaí sa phróiseas, b'fhéidir. Déanfaidh foireann tacaíochta EEA na saincheisteanna sin a sheiceáil de láimh níos déanaí.

Ní ghlacfar leis na sonraí má tá aon earráidí blocála sa tuairisc. Glacfar leis na sonraí mura bhfuil aon earráidí sa tuairisc nó mura bhfuil ach earráidí féideartha sa tuairisc agus nach bhfuil aon earráidí blocála ann.



➢ Céim 3: Críoch a chur le hiontráil na sonraí

Is í an chéim dheireanach den tuairisciú an cnaipe 'Cuir faoi bhráid CLIMA/EEA' a bhrú. Cuirfidh an chéim sin críoch le huaslódáil na sonraí. Ní fhéadfar an clúdach a athrú ina dhiaidh sin.



Is é a tharlaíonn ag an gcéim seo go gcuirtear an tuairisc faoi bhráid CLIMA/EEA agus tabharfaidh an córas '*Admháil*' uathoibríoch duit a fhéadfaidh tú a fheiceáil faoi 'Aiseolas' sa chlúdach. Ní fhéadfaidh tú aon sonraí a thuairiscigh tú sa chlúdach a athrú ina dhiaidh sin.

➢ ***Céim 4: Aiseolas maidir leis an iontráil sonraí ar Reportnet***

Nuair a chuirtear sonraí faoi bhráid CLIMA/EEA, déanfaidh an córas cáilíocht na sonraí a mheas go huathoibríoch, agus déanfar na tástálacha céanna a bhfuil cur síos orthu i gcéim 2. D'fhéadfadh sé go mairfeadh an próiseas sin roinnt nóiméad. Cuirfear torthaí na tástála sin ar fáil sa roinn 'Aiseolas maidir leis an gclúdach seo'.

D'fhéadfadh sé go nglacfaí nó nach nglacfaí leis na sonraí ag an bpointe seo, ag brath ar na torthaí a bhí ar an uathsheiceáil cáilíochta:

Má ghlactar leis na sonraí

Mura bhfuil aon earráidí blocála sna sonraí, glacfar leo agus déanfar '**admháil**' a sheoladh go huathoibríoch chuig do chlúdach.

Is féidir an admháil sin a úsáid, más gá, chun d'údarás náisiúnta a chur ar an eolas go bhfuil críoch le huaslódáil na sonraí. Beidh an duine údaraithe san údarás náisiúnta in ann na sonraí a thuairiscigh do chuideachta a fheiceáil ansin.

Ábhar: Admháil

Arna uaslódáil go huathoibríoch an: *XX Mí 20BB*

An Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA)
Kongens Nytorv 6
DK 1050 Copenhagen K

Chuig an té lena mbaineann

Is admháil atá anseo go bhfuarthas tuairisc sonraí ó ghnólacht faoi na hoibleagáidí tuairiscithe:

- Tuairisciú sonraí (Rialachán 842/2006/CE maidir le Gáis-F) [Airteagal 6] (http://rod.eionet.europa.eu/instruments/649)
- Tuairisciú sonraí (Rialachán CE/1005/2009 maidir le SÍÓnna) [Airteagal 27] (http://rod.eionet.europa.eu/obligations/213)

Iontráladh an tuairisc seo a leanas maidir le ***Ainm na cuideachta*** agus críochnaíodh í an ***lá mí bliain***.

Clúdach: teideal an chlúdaigh

Suíomh: url an chlúdaigh

Liosta comhad:

- ***aaaaaaa.xml***
- ***bbbbbb.bbb***

Rinne an t-úsáideoir seo thíos na comhaid thuasluaite a chur isteach: ***xxxxxxx***

D'éirigh leis na sonraí tuairiscithe sna seiceálacha cáilíochta tábhachtacha uile agus glactar leo, dá bhrí sin.

Is é córas Reportnet a chruthaigh an admháil seo go huathoibríoch agus níor síníodh é, dá bhrí sin.

N.B.: Beidh an t-eolas a uaslódáladh sa chlúdach i gcomhréir leis an oibleagáid tuairiscithe a luaitear san admháil.

Mura nglactar leis na sonraí

Má tá earráidí blocála sna sonraí, ní ghlacfar leis an tuairisc. Beidh na hearráidí sin stóráilte sa chomhad aiseolais '**Toradh ar an measúnú cáilíochta uathoibríoch maidir le comhad ...**'. '**Níor glacadh leis na sonraí'** an t-ainm a bheidh ar an admháil a bhaineann le tuairisc nár glacadh.



Seo a leanas an '**Admháil**' maidir le sonraí nár glacadh leo:

Ábhar: Admháil

Arna uaslódáil go huathoibríoch an: *XX Mí 20BB*

An Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA)
Kongens Nytorv 6
DK 1050 Copenhagen K

Chuig an té lena mbaineann

Is admháil atá anseo go bhfuarthas tuairisc sonraí ó ghnólacht faoi na hoibleagáidí tuairiscithe:

- Tuairisciú sonraí (Rialachán 842/2006/CE maidir le Gáis-F) [Airteagal 6] (http://rod.eionet.europa.eu/instruments/649)
- Tuairisciú sonraí (Rialachán CE/1005/2009 maidir le SÍÓnna) [Airteagal 27] (http://rod.eionet.europa.eu/obligations/213)

Iontráladh an tuairisc seo a leanas maidir le ***Ainm na cuideachta*** agus críochnaíodh í an ***lá mí bliain***.

Clúdach: teideal an chlúdaigh

Suíomh: url an chlúdaigh

Liosta comhad:

- *aaaaaaa.xml*
- *bbbbbb.bbb*

Rinne an t-úsáideoir seo thíos na comhaid thuasluaite a chur isteach: *xxxxxxx*

Níor éirigh leis na sonraí tuairiscithe i roinnt seiceálacha cáilíochta tábhachtacha agus **ní féidir glacadh leo**. Tá liosta de na hearráidí a fuarthas le feiceáil san Aiseolas maidir leis an gclúdach a cuireadh isteach. Beidh gá na hearráidí sin a cheartú agus na sonraí a iontráil arís.

Le go mbeidh sé níos éasca duit na sonraí a chur isteach arís, cruthaíodh clúdach nua ag an nasc seo thíos agus tá

cóip de na sonraí uile a tuairiscíodh agus de na comhaid uile a seoladh le fáil sa chlúdach sin: [url an chlúdaigh] Úsáid an clúdach nua sin, le do thoil, chun na sonraí a cheartú agus iad a chur faoi bhráid CLIMA/EEA arís. *Is é córas Reportnet a chruthaigh an admháil seo go huathoibríoch agus níor síníodh é, dá bhrí sin.*

Céim 4: An próiseas iariontrála

Na sonraí le hiontráil arís mar gur theip orthu san uathsheiceáil cáilíochta

Beidh ort an clúdach nua a cruthaíodh (beidh an nasc le fáil sa chomhad 'Níor glacadh leis na sonraí', sa roinn 'Aiseolas') a úsáid chun na sonraí a cheartú agus iad a iontráil arís más rud é gur theip orthu san uathsheiceáil cáilíochta.

Na sonraí le hiontráil arís mar gur theip orthu sa mheasúnú a rinne foireann tacaíochta CLIMA/EEA

Déanfar do thuairisc a mheasúnú tar éis duit é a chur isteach. Más léir go dteastaíonn soiléirithe breise, déanfar teagmháil leat ar ríomhphost.

Más gá duit an tuairisc a cheartú, beidh ort dul trí chéimeanna 1 go 7 arís.

Le go mbeidh sé níos éasca na sonraí a chur isteach arís, féadfaidh tú na sonraí a chuir tú isteach roimhe sin a chóipeáil agus a ghreamú isteach sa tuairisc nua. Fágann an fheidhmiúlacht seo gur féidir leat figiúirí a thuairiscigh tú cheana a athúsáid ach na céimeanna seo a leanas a leanúint:

Céim 1 den phróiseas athiontrála: Cruthaigh clúdach nua agus tabhair le fios i dteideal an chlúdaigh agus sa chur síos air gur leagan nua atá ann mar a thugtar le fios thuas faoi chéim 3.

Céim 2 den phróiseas athiontrála: Oscail an clúdach nua, gníomhachtaigh an Dréacht-tasc agus **cliceáil ar an gcnaipe 'Cóipeáil an tuairisc roimhe seo' atá sa chúinne ar dheis ar bharr an leathanaigh**.



Céim 3 den phróiseas athiontrála: Roghnaigh ainm an chlúdaigh ina raibh an tuairisc roimhe seo agus cliceáil an cnaipe 'Cóipeáil comhaid'.



Céim 4 den phróiseas athiontrála: Ba chóir go mbeadh comhad nua XML le feiceáil sa chlúdach. Téigh trí na céimeanna 4 go 7 in athuair chun na sonraí a cheartú agus an athiontráil a chríochnú.

Cabhair

Cabhair theicniúil faoin rochtain ar an BDR agus an próiseas tuairiscithe	BDR.helpdesk@eea.europa.eu
Ceisteanna a bhaineann le foirmeacha na sonraí faoi SÍÓnna	ODS.reporting@eea.europa.eu
Ceisteanna a bhaineann le foirmeacha na sonraí faoi Gháis-F	F-gases.reporting@eea.europa.eu